

Bileog eolais maidir le mo chearta cosanta sonraí: Cóip de do chuid sonraí a fháil

Tá sé de cheart agat cóip a fháil d'aon eolas atá ag eagraíocht fút. Tugtar an ceart rochtana air seo

Céard a dhéanfaidh mé má theastaíonn cóip uaim de na sonraí atá ag cuideachtaí na meán sóisialta fúm?

Is gnách go mbíonn uirlis “rochtain ar mo chuid sonraí” nó “íoslódáil mo chuid sonraí” ag aipeanna meán sóisialta sa leathanach socruithe cuntais a ligeann duit é seo a dhéanamh go tapa agus go héasca. Mar sin féin, tá sé de cheart agat cóip de do chuid sonraí a iarraidh go díreach, mar shampla trí ríomhphost a sheoladh chuig an eagraíocht nó trí ghlaoch a chur ar a ndeasc chabhrach. Is é an rud is tábhachtaí ná go gcaithfidh siad é a dhéanamh ÉASCA duit do chuid sonraí a iarraidh.

An bhfuil aon srian ar cad is féidir liom a fháil?

Uaireanta bíonn rialacha áirithe a bhféadfadh leo bac a chur ar eagraíocht cóip iomlán de do chuid sonraí a thabhairt duit. Cúis amháin leis seo ná **go mbaineann sonraí go minic le níos mó ná duine amháin**. Smaoinigh mar shampla ar ghrianghraif grúpa nó teachtaireachtaí mheandracha idir tú féin agus do chairde ar na meáin sóisialta. Má iarrann tú sonraí a bhaineann le daoine eile, beidh ar an eagraíocht smaoineamh go cúramach faoi cad atá cothrom do gach duine, agus seans go mbeidh orthu roinnt rudaí a choinneáil siar. Ach caithfidh said fós freagra a thabhairt duit agus a oiread sonraí agus is féidir leo a thabairt duit!

An bhfuil aon fhocail speisialta is gá dom a úsáid chun m'iarratas ar rochtain a dhéanamh?

Ní gá duit aon dlíthe a lua ná aon fhocail speisialta a úsáid agus tú ag iarraidh do shonraí. Ní gá ach go mbeadh sé soiléir go bhfuil tú ag iarraidh cóip de do chuid sonraí.

Nuair a bheidh d'iarratas déanta agat, caithfidh an cuideachta freagra a thabhairt ort laistigh de mhí amháin. Mura gcloiseann tú aon rud laistigh de mhí amháin, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC).

Tá sé de cheart agat freisin **do shonraí a aistriú ó cuideachta amháin go ceann eile**. Tugtar **an ceart chun iniomparthacht sonraí** ar seo. D'fhéadfá an ceart seo a úsáid má tá tú ag athrú soláthraithe ríomhphoist agus gur mian leat do theagmhálacha ar fad a chóipeáil anonn. Tá sé tábhachtach a nótáil go bhfuil roinnt rialacha ann maidir le cén uair is féidir leat an ceart seo a úsáid, agus b'fhéidir nach bhféadfaí é a dhéanamh i gcónaí, ach is féidir leat comhairle a iarraidh ar an eagraíocht nó ar an DPC i gcónaí mura bhfuil tú cinnte.

Cén cearta cosanta sonraí atá agam?

Is féidir tuilleadh eolais maidir le do chearta cosanta sonraí ar fad a fháil ar shuíomh gréasáin an DPC: www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí